Parlaimint na hEorpa
2019 -2021

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

2023/0288(COD)

14.2 -2021

TUAIRIM

ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh mhargadh saothair an Aontais Eorpaigh i dtaca le gnólachtaí, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 530/1999 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 450/2003 agus Rialachán (CE) Uimh. 453/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (COM(2023)0459 –C9-0316/2023 – 2023/0288(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Milan Brglez

GA

LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta ar an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur i gcuntas:

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Teastaíonn staidreamh maidir leis an margadh saothair ar ghnólachtaí san Aontas Eorpach chun beartais an Aontais a dhearadh, a chur chun feidhme agus chun meastóireacht a dhéanamh orthu, go háirithe na beartais sin lena dtugtar aghaidh ar chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, ar straitéis fostaíochta na hEorpa, ar Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus ar an Seimeastar Eorpach.	(1) Teastaíonn staidreamh ***cruinn, tráthúil agus inchomparáide*** maidir leis an margadh saothair ar ghnólachtaí san Aontas Eorpach chun beartais an Aontais a dhearadh, a chur chun feidhme agus chun meastóireacht a dhéanamh orthu, go háirithe na beartais sin lena dtugtar aghaidh ar chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, ar straitéis fostaíochta na hEorpa, ar Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ***(EPSR)***, ar an Seimeastar Eorpach ***chomh maith leo siúd a bhaineann le cur chun feidhme phlean gníomhaíochta EPSR agus phlean gníomhaíochta an gheilleagair shóisialta***. ***Tá siad chomh tábhachtach céanna chun go gcomhlíonfaidh an tAontas na cúraimí a shanntar dó faoi Airteagail 2, 3 agus 4 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).***

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú i gcomhréir le Rialachán (AE) 1176/2011[15] ***agus*** chun faireachán a dhéanamh ar phá íosta leordhóthanach i gcomhréir le Treoir (AE) 2022/2041 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16], teastaíonn faisnéis chruinn maidir le héabhlóid na gcostas	(2) Chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú i gcomhréir le Rialachán (AE) 1176/2011[15] agus chun faireachán a dhéanamh ar phá íosta leordhóthanach i gcomhréir le Treoir (AE) 2022/2041 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16], teastaíonn faisnéis chruinn maidir le héabhlóid na gcostas

saothair in aghaidh na huaire agus na leibhéal pá ar fud na mBallstát.	saothair in aghaidh na huaire agus na leibhéal pá***, agus maidir leis an gcumhdach cómhargála*** ar fud na mBallstát.
[15] Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú (IO L 306, 23.11.2011, lch. 25)	[15] Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú (IO L 306, 23.11.2011, lch. 25)
[16] Treoir (AE) 2022/2041 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach (IO L 275, 25.10.2022, lch. 33).	[16] Treoir (AE) 2022/2041 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach (IO L 275, 25.10.2022, lch. 33).

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Baineann an Banc Ceannais Eorpach úsáid as staidreamh an mhargaidh saothair Eorpaigh maidir le gnólachtaí, i gcomhthéacs an bheartais airgeadaíochta aonair, chun faireachán a dhéanamh ar bhoilsciú agus ar rioscaí díbhoilscithe a eascraíonn as costais saothair. ***Dá bhrí sin, tá gá le staidreamh cruinn, tráthúil agus inchomparáide ón Aontas maidir le héabhlóid na gcostas saothair.***	(3) Baineann an Banc Ceannais Eorpach úsáid as staidreamh an mhargaidh saothair Eorpaigh maidir le gnóthaí***, go háirithe iad siúd a bhaineann le héabhlóid na gcostas saothair agus le fás pá,*** i gcomhthéacs an bheartais airgeadaíochta aonair, chun faireachán a dhéanamh ar bhoilsciú agus ar rioscaí díbhoilscithe a eascraíonn as costais saothair. ***Tá sé tábhachtach go gcomhlánófar an anailís sin le faireachán ar bhoilsciú agus ar rioscaí díbhoilscithe a eascraíonn as brabúis.***

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Is gá cumhdach ***staidrimh*** maidir le folúntais ***agus*** tráthúlacht innéacs na gcostas saothair a leathnú toisc go bhfuil an dá thascaire liostaithe i measc Phríomhthascairí Eacnamaíocha na hEorpa (PEEInna)[17], a bhfuil gá leo chun faireachán a dhéanamh ar bheartais airgeadaíochta agus eacnamaíocha.	(4) Is gá ***na sonraí maidir le folúntais*** a leathnú ***agus*** tráthúlacht innéacs na gcostas saothair ***a fheabhsú*** toisc go bhfuil an dá thascaire liostaithe i measc Phríomhthascairí Eacnamaíocha na hEorpa (PEEInna)[17], a bhfuil gá leo chun faireachán a dhéanamh ar bheartais airgeadaíochta agus eacnamaíocha.
[17] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le staidreamh an limistéir euro 'Towards improved methodologies for eurozone statistics and indicators' [I dtreo modheolaíochtaí feabhsaithe le haghaidh staidreamh agus thascairí an limistéir euro] – COM/2002/0661 final an 27 Samhain 2002.	[17] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le staidreamh an limistéir euro 'Towards improved methodologies for eurozone statistics and indicators' [I dtreo modheolaíochtaí feabhsaithe le haghaidh staidreamh agus thascairí an limistéir euro] – COM/2002/0661 final an 27 Samhain 2002.

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Tá gá le bunús dlí chun tarchur na bearna phá bliantúla idir na hinscní chun faireachán a dhéanamh ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe faoi Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe (NA) a rialáil, go háirithe, sprioc 5 maidir le Comhionannas Inscne.	(5) Tá gá le bunús dlí chun tarchur na bearna pá bliantúla idir na hinscní***,*** mar chun faireachán a dhéanamh ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe faoi Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe (NA) a rialáil, go háirithe, sprioc 5 maidir le Comhionannas Inscne ***agus sprioc 8 maidir le hobair chuibhiúil agus fás eacnamaíoch, chomh maith le faireachán ar thionchar Threoir (AE) 2023/970***.

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin

Recital 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Chun prionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha a chur chun feidhme[18] teastaíonn sonraí inchomparáide maidir le pá a fhaigheann fir agus mná. Le Treoir (AE) 2023/970 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú[19], ceanglaítear ar na Ballstáit sonraí maidir leis an mbearna phá idir na hinscní atá cothrom le dáta a sholáthar don Choimisiún go bliantúil agus go tráthúil. Ba cheart an oibleagáid sin a chomhlánú leis an gcreat staidrimh iomchuí is gá chun sonraí maidir leis an mbearna phá idir na hinscní a thiomsú agus a tharchur.	(6) Chun prionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha a chur chun feidhme***, agus chun faireachán agus measúnú a dhéanamh air***[18] teastaíonn sonraí inchomparáide maidir le pá a fhaigheann fir agus mná. Le Treoir (AE) 2023/970 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú[19], ceanglaítear ar na Ballstáit sonraí maidir leis an mbearna phá idir na hinscní atá cothrom le dáta a sholáthar don Choimisiún go bliantúil agus go tráthúil. Ba cheart an oibleagáid sin a chomhlánú leis an gcreat staidrimh iomchuí is gá chun sonraí maidir leis an mbearna phá idir na hinscní a thiomsú agus a tharchur.
_____	_____
[18] Treoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha (athmhúnlú) (IO L 204, an 26.07.2006, lch. 23).	[18] Treoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha (athmhúnlú) (IO L 204, an 26.07.2006, lch. 23).
[19] Treoir (AE) 2023/970 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus forfheidhmithe (IO L 132, 17.5.2023, lch. 21).	[19] Treoir (AE) 2023/970 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus forfheidhmithe (IO L 132, 17.5.2023, lch. 21).

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(6 a) Is í an bhearna phinsin idir na hinscní an difríocht choibhneasta idir an meán-ollphinsean a thuilleann mná agus fir. Tá fréamhacha na bearna i ngairmeacha gairmiúla éagsúla; saintréith de ghairmeacha gairmiúla na mban is ea gairmeacha níos ísle, gairmeacha níos giorra agus cur isteach ar ghairmeacha, agus líon níos ísle uaireanta an chloig oibrithe. Mar thoradh air sin, is mó a bhíonn mná i mbaol bochtaineachta sa saol níos déanaí ná na fir. Na sonraí a bhailítear i gcomhthéacs staidreamh mhargadh an tsaothair maidir le gnóthaí i leith struchtúr tuillimh, an bhearna phá idir na hinscní agus struchtúr na gcostas saothair, is féidir leo cur le tuiscint níos fearr ar an mbearna phinsin idir na hinscní sna Ballstáit.

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Chun teorainn a chur leis an ualach ar fhiontair, go háirithe ar FBManna, ba cheart do na húdaráis náisiúnta staidrimh féachaint ar fhoinsí riaracháin agus nuálacha agus gan mar phríomhaidhm leo staidreamh a chur ar fáil, mar mhalairt ar shuirbhéanna staidrimh nó mar chomhlánú orthu, faoi réir na gceanglas cáilíochta maidir le staidreamh oifigiúil. Is féidir leis na forbairtí teicneolaíochta agus digiteacha is déanaí cur leis an gcuspóir seo.	(9) ***Níor cheart go gcruthódh bailiú sonraí aon ualach riaracháin nach bhfuil gá leis d'fhiontair.*** Chun teorainn a chur leis an ualach ar fhiontair, ***go háirithe ar fhiontair shóisialta, ar FBManna agus ar mhicrifhiontair***, ba cheart do na húdaráis náisiúnta staidrimh féachaint ar fhoinsí riaracháin agus nuálacha agus gan mar phríomhaidhm leo staidreamh a chur ar fáil, mar mhalairt ar shuirbhéanna staidrimh nó mar chomhlánú orthu, faoi réir na gceanglas cáilíochta maidir le staidreamh oifigiúil. Is féidir leis na forbairtí teicneolaíochta agus digiteacha is déanaí cur leis an gcuspóir seo.

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(10 a) I gcás ina bhfuil próiseáil sonraí pearsanta i gceist leis na gníomhaíochtaí atá le déanamh faoin Rialachán seo, ba cheart don phróiseáil sin reachtaíocht ábhartha an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta a chomhlíonadh, eadhon Rialachán (AE) 2018/1725[1] agus Rialachán (AE) 2016/679[2].
	I gcomhréir leis an bprionsabal um íoslaghdú sonraí a leagtar amach sna Rialacháin sin, ba cheart sonraí a sholáthraítear faoin Rialachán seo a chomhiomlánú sa mhéid nach féidir daoine aonair a shainaithint;
	[1] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE.
	[2] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 10 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(10b) Ba cheart próiseáil sonraí pearsanta chun críocha staidrimh, a mheastar a bheith chun leas an phobail, a bheith faoi réir coimircí iomchuí i gcomhréir le hAirteagal 89 de Rialachán (AE) 2016/679 agus le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2018/1725[2] Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chomhlíonadh an phrionsabail maidir le sonraí pearsanta a anaithnidiú.
	[1] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).
	[2] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE.

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(11 a) Ba cheart úsáid teicnící scríobtha gréasáin chun sonraí a bhailiú ó shuíomhanna gréasáin ar bhealach neamhstruchtúrtha a bheith i gcomhréir

le prionsabal an chruinnis um chosaint sonraí.

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2 a) ciallaíonn 'fiontar sóisialta' eintiteas arna rialú ag an dlí príobháideach a sholáthraíonn earraí agus seirbhísí don mhargadh ar bhealach fiontraíoch agus i gcomhréir le prionsabail agus gnéithe an gheilleagair shóisialta, ar cuspóirí sóisialta nó comhshaoil is cúis lena ghníomhaíocht tráchtála. Is féidir fiontair shóisialta a bhunú i bhfoirmeacha dlíthiúla éagsúla[1a].
	[1a] Moladh ón gComhairle maidir le creatdálaí geilleagair shóisialta a fhorbairt an 9 Samhain 2023.

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) ciallaíonn 'fostaí' duine ar bith, beag beann ar a náisiúntacht, ar a c(h)ónaitheacht nó ar a fhad a d'oibrigh sé nó sí sa Bhallstát a bhfuil ***conradh*** fostaíochta díreach aige nó aici le fiontar ***(bíodh an comhaontú foirmiúil nó neamhfhoirmiúil)*** agus a fhaigheann luach saothair, gan beann ar an gcineál oibre a dhéantar, ar líon na n-uaireanta a oibrítear (lánaimseartha nó páirtaimseartha) agus ar fhad an chonartha (seasta nó éiginnte, séasúrach san áireamh); is féidir le luach saothair fostaí a bheith i bhfoirm pá agus	(5) ciallaíonn 'fostaí' duine ar bith, beag beann ar a náisiúntacht, ar a chónaitheacht/cónaitheacht nó ar a fhad a d'oibrigh sé nó sí sa Bhallstát a bhfuil ***caidreamh*** fostaíochta díreach aige nó aici le fiontar ***arna bhunú le conradh foirmiúil nó le comhaontú neamhfhoirmiúil,*** agus a fhaigheann luach saothair, gan beann ar an gcineál oibre a dhéantar, ar líon na n-uaireanta a oibrítear (lánaimseartha nó páirtaimseartha) agus ar fhad an chonartha (seasta nó éiginnte,

tuarastail, lena n-áirítear bónais, pá as tascobair agus uainobair, liúntais, táillí, coimisiún agus luach saothair comhchineáil;	séasúrach san áireamh); is féidir le luach saothair fostaí a bheith i bhfoirm pá agus tuarastail, lena n-áirítear bónais, pá as tascobair agus uainobair, liúntais, táillí, coimisiún agus luach saothair comhchineáil;

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) ciallaíonn 'fostóir' fiontar nó aonad áitiúil a bhfuil ***conradh*** fostaíochta díreach aige le fostaí (***cibé acu*** is comhaontú ***foirmiúil nó neamhfhoirmiúil an*** comhaontú);	(6) ciallaíonn 'fostóir' fiontar nó aonad áitiúil a bhfuil caidreamh fostaíochta díreach aige le fostaí, ***arna bhunú le conradh foirmiúil nó le*** comhaontú ***neamhfhoirmiúil***;

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Tá próiseáil na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(c) gan dochar do Threoir 2002/58[1]. Beidh úsáid teicnící scríobtha gréasáin teoranta do shonraí neamhphearsanta.
	[1] Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach).

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3 a. Aon phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta, comhlíonfaidh sí reachtaíocht ábhartha an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta, lena n-áirítear Rialachán (AE)2016/1, lena n-urramaítear cearta bunúsacha na n-ábhar sonraí i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009[2].
	[1] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).
	[2] Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir na rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach.

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe a – fleasc 2a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	– (iii) cumhdach cómhargála;

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5 a. I gcás gach topaic san Iarscríbhinn, baileoidh na Ballstáit sonraí ar leithligh maidir le fiontair shóisialta agus soláthróidh siad na sonraí sin.

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

IARSCRÍBHINN I

Réimsí, topaicí agus topaicí mionsonraithe; tréimhsiúlacht an tsoláthair sonraí, na dtréimhsí tagartha agus an spriocdháta maidir le tarchur sonraí in aghaidh topaice

Réimse	Topaic	Topaic mhionsonraithe	Tréimhsiúlacht	Tréimhse thagartha	Spriocdháta tarchurtha sonraí (1) (2)	An chéad tréimhse thagartha
Tuilleamh	Struchtúr Tuillimh	Tuilleamh Tuilleamh bliantúil agus míosúil iomlán agus a gcomhpháirteanna uile, chomh maith le tuilleamh in aghaidh na huaire a íoctar le gach fostaí a sampláladh.	Gach 4 bliana	Bliain féilire	T+16 mhí	2026
		Saintréithe an fhostóra *Faisnéis eacnamaíoch, dhlíthiúil, gheografach agus fostaíochta ar an aonad áitiúil lena bhfuil gach fostaí sampláilte ceangailte, agus ar a*				

		fhiontar.				
		Saintréithe an fhostaí *Faisnéis dhéimeagrafach, oideachasúil, chonarthach agus cheirde ar leith maidir le gach fostaí a sampláladh.*				
		Tréimhsí oibre *Faisnéis maidir le tréimhsí oibre íoctha, do gach fostaí a sampláladh.*				
		Míreanna teicniúla an tsuirbhé *Faisnéis samplála agus bailithe sonraí i dtaobh gach fostaí a sampláladh agus i leith a f(h)ostóra (e.g., ualaí).*				
	An Bhearna Phá idir na hInscní	Tuilleamh in aghaidh na huaire *Tuilleamh in aghaidh na huaire i dtaobh fostaithe fireanna agus baineanna de réir phríomhthréithe an fhostóra agus an fhostaí agus difríochtaí coibhneasta comhfhreagracha idir tuilleamh in aghaidh na huaire*	Gach bliain	Bliain féilire	T+13 mí	2026

		d'fhostaithe fireanna agus baineanna.				
		Fostaithe *Líon na bhfostaithe fireanna agus baineanna de réir shaintréithe an fhostóra agus an fhostaí.*				
Costais saothair	Struchtúr na gcostas saothair	Costais saothair *Costais iomlána a íocann an fostóir as lucht saothair a fhostú agus comhpháirteanna de na costais sin.*	Gach 4 bliana	Bliain féilire	T+18 mí	2028
		Uaireanta an chloig a oibríodh *Uaireanta an chloig iarbhír a oibríodh de réir príomhchineálacha fostaithe.*				
		Uaireanta an chloig a íocadh *Uaireanta an chloig a íocadh de réir príomhchineálacha fostaithe.*				
		Fostaithe *An líon fostaithe de réir príomhchineálacha.*				
		Aonaid áitiúla *Faisnéis maidir le haonaid áitiúla sa sampla.*				

	Innéacs na gcostas saothair.	Innéacs ráithiúil na gcostas saothair in aghaidh na huaire a oibríodh *Innéacs ráithiúil na gcostas saothair in aghaidh na huaire a oibríodh, de réir chineál na gcostas; amshraith neamhchoigeartaithe agus amshraith choigeartaithe.*	Gach ráithe	Ráithe féilire	- Measachain luatha: T+45 lá Sonraí deireanacha: T+65 lá	An chéad ráithe den bhliain 2026
		Innéacs ráithiúil na gcostas saothair iomlán *Amshraith neamhchoigeartaithe agus amshraith choigeartaithe.*				
		Innéacs ráithiúil na n-uaireanta a oibríodh *Amshraith neamhchoigeartaithe agus amshraith choigeartaithe.*				
		Costais saothair bhliantúla	Gach bliain	Féilire	Deireadh an	
		Leibhéil bhliantúla na gcostas saothair (ualaí) de réir chineál na gcostas.		bliain	an chéad ráithe den bhliain T+1 + 65 lá	
Éileamh ar shaothar:	Folúntais	Poist fholmha *Faisnéis faoi phoist fholmha a taifeadadh; amshraith neamhchoigeartaithe agus amshraith choigeartaithe.*	Gach ráithe	Ráithe féilire	- Measachain luatha: T+45 lá Sonraí deireanacha: T+70 lá	An chéad ráithe den bhliain 2026
		Poist ghafa *Faisnéis faoi phoist ghafa a taifeadadh; amshraith neamhchoigeartaithe agus amshraith choigeartaithe.*				

(1) Tar éis dheireadh na tréimhse tagartha ‘T’.
(2) I gcás ina mbíonn na spriocdhátaí thuasluaite ar an Satharn nó ar an Domhnach, is é an Luan dár gcionn roimh 12:00 am (CET) an spriocdháta éifeachtach.

Leasú

IARSCRÍBHINN I

Réimsí, topaicí agus topaicí mionsonraithe; tréimhsiúlacht an tsoláthair sonraí, na dtréimhsí tagartha agus an spriocdháta maidir le tarchur sonraí in aghaidh topaice

Réimse	***Topaic*** [3]	Topaic mhionsonraithe	Tréimhsiúlacht	Tréimhse thagartha	Spriocdháta tarchurtha sonraí [1] [2]	An chéad tréimhse thagartha
Tuilleamh	Struchtúr Tuillimh	Tuilleamh *Tuilleamh bliantúil agus míosúil iomlán agus a gcomhpháirteanna uile, chomh maith le tuilleamh in aghaidh na huaire a íoctar le gach fostaí a sampláladh*.	Gach 4 bliana	Bliain féilire	T+16 mhí	2026
		Saintréithe an fhostóra *Faisnéis eacnamaíoch, dhlíthiúil, gheografach agus fostaíochta ar an aonad áitiúil lena bhfuil gach fostaí sampláilte ceangailte, agus ar a fhiontar.*				
		Saintréithe an fhostaí *Faisnéis dhéimeagrafach, oideachasúil, chonarthach agus cheirde ar leith maidir le gach fostaí a sampláladh.*				

		Tréimhsí oibre *Faisnéis maidir le tréimhsí oibre íoctha, do gach fostaí a sampláladh.*				
		Míreanna teicniúla an tsuirbhé *Faisnéis samplála agus bailithe sonraí i dtaobh gach fostaí a sampláladh agus i leith a fhostóra/fostóra (e.g., ualaí).*				
	An Bhearna Phá idir na hInscní	Tuilleamh in aghaidh na huaire *Tuilleamh in aghaidh na huaire i dtaobh fostaithe fireanna agus baineanna de réir phríomhthréithe an fhostóra agus an fhostaí agus difríochtaí coibhneasta comhfhreagracha idir tuilleamh in aghaidh na huaire d'fhostaithe fireanna agus baineanna.*	Gach bliain	Bliain féilire	T+13 mí	2026
		Fostaithe *Líon na bhfostaithe fireanna agus baineanna de réir shaintréithe an fhostóra agus an fhostaí.*				
	Cumhdach cómhargála;	***líon na n-oibrithe a chumhdaítear le comhaontuithe comhchoiteanna***	***Gach bliain***	***Bliain féilire***	***T+13 mí***	***2026***

Costais saothair	Struchtúr na gcostas saothair	Costais saothair *Costais iomlána a íocann an fostóir as lucht saothair a fhostú agus comhpháirteanna de na costais sin.*	Gach 4 bliana	Bliain féilire	T+18 mí	2028
		Uaireanta an chloig a oibríodh *Uaireanta an chloig iarbhír a oibríodh de réir príomhchineálacha fostaithe.*				
		Uaireanta an chloig a íocadh *Uaireanta an chloig a íocadh de réir príomhchineálacha fostaithe.*				
		Fostaithe *An líon fostaithe de réir príomhchineálacha.*				
		Aonaid áitiúla *Faisnéis maidir le haonaid áitiúla sa sampla.*				
	Innéacs na gcostas saothair.	Innéacs ráithiúil na gcostas saothair in aghaidh na huaire a oibríodh *Innéacs ráithiúil na gcostas saothair in aghaidh na huaire a oibríodh, de réir chineál na gcostas; amshraith neamhchoigeartaithe agus amshraith choigeartaithe.*	Gach ráithe	Ráithe féilire	- Meastacháin luatha: T+45 lá Sonraí deireanacha: T+65 lá	An chéad ráithe den bhliain 2026
		Innéacs ráithiúil na gcostas saothair iomlán *Amshraith neamhchoigeartaithe agus amshraith choigeartaithe.*				

		Innéacs ráithiúil na n-uaireanta a oibríodh *Amshraith neamhchoigeartait he agus amshraith choigeartaithe.*				
		Costais saothair bhliantúla	Gach bliain	Féilire	Deireadh an	
		Leibhéil bhliantúla na gcostas saothair (ualaí) de réir chineál na gcostas.		bliain	an chéad ráithe den bhliain T+1 + 65 lá	
Éileamh ar shaothar:	Folúntais	Poist fholmha *Faisnéis faoi phoist fholmha a taifeadadh; amshraith neamhchoigeartaithe agus amshraith choigeartaithe.*	Gach ráithe	Ráithe féilire	- Meastacháin luatha: T+45 lá Sonraí deireanacha: T+70 lá	An chéad ráithe den bhliain 2026
		Poist ghafa *Faisnéis faoi phoist ghafa a taifeadadh; amshraith neamhchoigeartaithe agus amshraith choigeartaithe.*				
(1) Tar éis dheireadh na tréimhse tagartha ‘T’.						
(2) I gcás ina mbíonn na spriocdhátaí thuasluaite ar an Satharn nó ar an Domhnach, is é an Luan dár gcionn roimh 12:00 am (CET) an spriocdháta éifeachtach.						
(3) Déanfar gach topaic a dhí-chomhiomlánú de réir fiontar sóisialta.						

IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA nEINTITEAS NÓ NA nDAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Fuair an Rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas agus an tuairim á hullmhú aige:

Eintiteas agus/nó duine
Statistical office of the Republic of Slovenia (Statistični urad Republike Slovenije)
Association of Free Trade Unions of Slovenia (Zveza svobodnih sindikatov Slovenije)
European Trade Union Confederation (ETUC)

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara.

NÓS IMEACHTA – AN COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Teideal	Staidreamh mhargadh saothair an Aontais Eorpaigh i dtaca le gnólachtaí, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 530/1999 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 450/2003 agus Rialachán (CE) Uimh. 453/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
Tagairtí	COM(2023)0459 – C9-0316/2023 – 2023/0288(COD)
An coiste freagrach Dáta a fógraíodh sa seisiún iomlánach	ECON 19.10.2023
Tuairim ó Dáta a fógraíodh sa seisiún iomlánach	EMPL 19.10.2023
Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	19.10.2023
Rapóirtéir don tuairim Dáta an cheapacháin	Milan Brglez 17.10.2023
Pléite sa choiste	23.1.2024
Dáta an ghlactha	14.2 -2021
Toradh na vótála críochnaithí	+: 35 –: 2 0: 3
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	João Albuquerque, Atidzhe Alieva-Veli, Marc Angel, Gabriele Bischoff, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Sylvie Brunet, Jordi Cañas, Ilan De Basso, Margarita de la Pisa Carrión, Klára Dobrev, Jarosław Duda, Estrella Durá Ferrandis, Cindy Franssen, Chiara Gemma, Elisabetta Gualmini, Alicia Homs Ginel, Agnes Jongerius, Stelios Kympouropoulos, Katrin Langensiepen, Miriam Lexmann, Jozef Mihál, Max Orville, Sandra Pereira, Dragoş Pîslaru, Dennis Radtke, Elżbieta Rafalska, Antonio Maria Rinaldi, Daniela Rondinelli, Mounir Satouri, Monica Semedo, Marianne Vind, Maria Walsh
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Catherine Amalric, Rosa D'Amato, Paola Ghidoni, Wolfram Pirchner, Pirkko Ruohonen-Lerner, Kim Van Sparrentak
Na comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach	France Jamet

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

35	+
ECR	Pirkko Ruohonen-Lerner
ID	France Jamet
PPE	Jarosław Duda, Cindy Franssen, Stelios Kympouropoulos, Miriam Lexmann, Wolfram Pirchner, Dennis Radtke, Maria Walsh
Renew	Atidzhe Alieva-Veli, Catherine Amalric, Sylvie Brunet, Jordi Cañas, Jozef Mihál, Max Orville, Drago Pîslaru, Monica Semedo
S&D	João Albuquerque, Marc Angel, Gabriele Bischoff, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Ilan De Basso, Klára Dobrev, Estrella Durá Ferrandis, Elisabetta Gualmini, Alicia Homs Ginel, Agnes Jongerius, Daniela Rondinelli, Marianne Vind
The Left	Sandra Pereira
Verts/ALE	Rosa D'Amato, Katrin Langensiepen, Mounir Satouri, Kim Van Sparrentak

2	-
ECR	Margarita de la Pisa Carrión, Elżbieta Rafalska

3	0
ECR	Chiara Gemma
ID	Paola Ghidoni, Antonio Maria Rinaldi

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh